# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2021

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Gnó

# Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT, 2021

# GNÓ

## GNÁTHLEIBHÉAL

# SCÉIM MHARCÁLA

**AGUS**

# FREAGRAÍ A mBEIFÍ AG SÚIL LEO

Scéim Mharcála agus Freagraí a mBeifí ag Súil leo le húsáid leis an Scéim Mharcála.

Agus an scéim mharcála á meas, is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh.

- a freagraí ionchais a chuirtear i láthair eisiach. Féadfar marcanna a dhámhachtain as aon fhreagraí cearta eile.
- I gcuid mhaith cásanna sna freagraí a mbeifí ag súil leo, d'fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.
- Déantar pointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Is féidir, mar sin, go n-athróidh riachtanais ó bhliain go bliain.

# AT GNÓ - GNÁTHLEIBHÉAL

# FREAGRAÍ a mBEIFÍ AG SÚIL LEO – 2021

**ROINN 1: CEISTEANNA GEARRFHREAGRA 75 mharc**

<table>
<tr><th>C</th><th>Freagraí a mbeifí ag súil leo</th><th>Marcanna</th></tr>
<tr><td>1.</td><td>Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas?<br><br>UAP (PIN) UIMHIR AITHEANTAIS PHEARSANTA<br>UMB (ATM) UATHMHEAISÍN BAINC<br>RCB (APR) AN RÁTA CÉATADÁNACH BLIANTÚIL</td><td>15m<br><br>3 x 5m<br>(2+2+1)</td></tr>
<tr><td>2.</td><td>Scríobh an focal FÍOR nó BRÉAGACH i ndiaidh gach ráitis díobh seo a leanas.<br><br><table>
<tr><td>(i)</td><td>Bíonn vóta réitigh ag an gcathaoirleach má bhíonn comhionannas vótaí ann ag cruinniú.</td><td>FÍOR</td></tr>
<tr><td>(ii)</td><td>Cuireann an cathaoirleach amach an fógra agus an clár do gach cruinniú.</td><td>BRÉAGACH</td></tr>
<tr><td>(iii)</td><td>Glacann an rúnaí nótaí le linn an chruinnithe agus scríobhann miontuairiscí an chruinnithe.</td><td>FÍOR</td></tr>
<tr><td>(iv)</td><td>Is éard is córam ann ná an t-íoslíon daoine a chaithfidh a bheith i láthair le go mbeadh cruinniú ann.</td><td>FÍOR</td></tr>
</table></td><td>15m<br><br>4<br><br>4<br><br>4<br><br>3</td></tr>
<tr><td>3.</td><td>Roghnaigh na focail chuí chun an abairt a chríochnú.<br><br>Is éard atá i gceist le DEIGHILT an mhargaidh ná go mbaintear úsáid as modhanna éagsúla amhail DÉIMEAGRAFAIC chun an margadh a roinnt, agus soláthraíonn sé sin anailís ar thomhaltóirí bunaithe ar aois, inscne etc. Déantar é sin chun spriocmhargadh an bhranda a shainaithint.</td><td>15m<br><br>8<br>7</td></tr>
<tr><td>4.</td><td>Meaitseáil an smaoineamh don táirge leis an bhfoinse Cheart do Smaoineamh Gnó:<br><br><table>
<tr><td>Thóg James Dyson a fholúsghlantóir ó chéile.</td><td>Taithí</td></tr>
<tr><td>D’fhorbair fostaí de chuid Microsoft an Xbox mar tháirge iomaíoch.</td><td>Iomaitheoirí</td></tr>
<tr><td>Thug Brian Lee faoi deara an tóir atá ag méadú ar bhia sláinte le tabhairt leat.</td><td>Treochtaí an Mhargaidh</td></tr>
</table></td><td>15m<br><br>5<br><br>5<br><br>5</td></tr>
</table>

**5.** **Tá na céimeanna seo a leanas i gceist sa ghníomhaíocht bhainistíochta Rialúchán. Uimhrigh na céimeanna san ord ceart, 1 – 4.** **15m**

| ORD NA nUIMHREACHA | CÉIMEANNA | |
|---|---|---|
| **2** | Feidhmíocht a thomhas | 4 |
| **3** | Comparáid a dhéanamh idir an fheidhmíocht agus an caighdeán | 4 |
| **1** | An caighdeán a shocrú | 4 |
| **4** | Gníomhú chun nithe a chur ina gceart (más gá) | 3 |

**6.** **Liostaigh dhá chúis le dífhostú cóir faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977/2015:** **15m**

- Neamhábaltacht an fhostaí chun dualgais a shanntar a chomhlíonadh
- Inniúlacht an fhostaí – drochfheidhmíocht oibre
- Cáilíochtaí – mífhaisnéis arna tabhairt ag an bhfostaí
- Mí-iompar / iompar míchuí ag an bhfostaí
- Iomarcaíocht

8
7
(Mura dtugtar ach samplaí, tabhair 4m do gach ceann)

**7.** **Cuir isteach an Institiúid AE cheart thíos:** **15m**

| | | |
|---|---|---|
| **PARLAIMINT NA hEORPA** | • Toghann saoránaigh an AE na baill gach cúig bliana | 5 |
| **AN COIMISIÚN EORPACH** | • Freagrach as a chinntiú go ndéantar buiséad an AE a chaitheamh mar is cóir | 5 |
| **CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA** | • Is é an Rialtas a cheapann gach ball i ngach aon cheann de na ballstáit | 5 |

**8.** **Déan an pá glan bliantúil a thugann Alsún Nic Cathmhaoil abhaile léi a ríomh:** **15m**

| **Ainm:** Alsún Nic Cathmhaoil | **€** | **€** | **€** | |
|---|---|---|---|---|
| Pá comhlán | | | 35,000 | |
| **Asbhaintí:** | | | | |
| ÍMAT: (20% de 35,000)<br>- Creidmheas Cánach | 7,000<br><u>-3,300</u> | | | |
| ÍMAT glan | | **A 3,700** | | A 4 |
| ÁSPC: (4% de €35,000) | | 1,400 | | |
| MSU: (3% de €35,000) | | **B 1,050** | | B 4 |
| **Asbhaintí iomlána:** | | | **C 6,150** | C 4 |
| **An Pá Glan Bliantúil a thugtar abhaile** | | | **D 28,850** | D 3 |

| | | |
|---|---|---|
| **9.** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann leis an obair foirne in eagraíocht.**<br><br>• Cinnteoireacht fheabhsaithe: beidh cinnteoireacht níos fearr mar thoradh ar níos mó saineolais agus taithí laistigh de shuíomh foirne.<br>• Meanma níos fearr i measc na mball foirne: méadaíonn meanma na foirne de réir mar a fhaigheann fostaithe sástacht as a bheith ag obair le daoine eile. Bíonn cáilíocht oibre níos fearr mar thoradh air.<br>• Caidreamh foirne níos fearr: tógann baill foirne teagmhálacha maithe le baill foirne eile agus feabhsaíonn sin ar an spreagadh ina measc.<br>• Roinntear an t-ualach oibre: déanann gach ball a c(h)uid den obair.<br>• Feabhsaíonn cumarsáid: teastaíonn cumarsáid mhaith in obair foirne.<br>• Cuirtear an obair i gcrích níos tapa: feabhsaítear ar an éifeachtúlacht nuair a bhíonn níos mó daoine ag obair ar thasc.<br>• Gineann sé infhiontraíocht: is féidir le moltaí smaointe nua a spreagadh.<br>• Neamhláithreacht foirne laghdaithe: aithníonn baill foirne a oibríonn mar chuid d'fhoireann go bhfuil a mbaill foirne ag brath orthu. Mar thoradh air sin bíonn táirgiúlacht níos fearr ann, níos lú neamhláithreachta. | **15m**<br><br>4 + 4<br><br>4 + 3 |
| **10.** | **Cuir tic (√) sa bhosca ceart chun a thaispeáint cé acu eagraíocht a sholáthraíonn seirbhís idirghabhála i gcoimhlint sa chaidreamh tionsclaíoch.**<br><br>An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ✓ | **15m**<br><br>15 |
| **11.** | **Tá Hempstead Teo. ag scrúdú a bhrabúsachta.**<br>**Ón eolas a thugtar, ríomh Céatadán an Bhrabúis Chomhláin agus Céatadán an Ghlanbhrabúis do 2020. Taispeáin do chuid oibre.** | **15m**<br><br>(i) 8m<br><br>(ii) 7m |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Chéatadán an Bhrabúis Chomhláin:**<br>**(i)** 20% | **3** | **Chéatadán an Ghlanbhrabúis:**<br>**(ii)** 5% | **3** |
| **Do chuid oibre:**<br><br>$\frac{42000}{210,000} \times \frac{100}{1} = 20\%$ | **3**<br>**2** | **Do chuid oibre:**<br><br>$\frac{10,500}{210,000} \times \frac{100}{1} = 5\%$ | **2**<br>**2** |

**12.** **Is liosta de théarmaí gnó atá i gcolún 1. Liosta de mhíniúcháin ar na téarmaí sin atá i gcolún 2.** **15m**

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| **D** | **B** | **A** | **F** | **C** |
| *3* | *3* | *3* | *3* | *3* |

5 x 3m

**13.** **Líon isteach na tosca táirgeachta atá ar iarraidh.** **15m**

TALAMH 8

FIONTRAÍOCHT 7

**14.** **Cuir in iúl le tic (√) cé** acu láidreacht, laige, deis nó bagairt **gach ceann díobh seo a leanas.** **15m**

| | LÁIDREACHT | LAIGE | DEIS | BAGAIRT | |
|---|---|---|---|---|---|
| Tá sé deacair ar chustaiméirí Ryanair teagmháil a dhéanamh leis an aerlíne. | | ✓ | | | 4 |
| Tá an aimsir fhliuch i ndiaidh dul i bhfeidhm ar an mbarr prátaí le haghaidh bhrioscáin Mhic Eochaidh. | | | | ✓ | 4 |
| Tógadh forbraíocht nua tithíochta in aice le SuperValu i mBaile Locha Riach. | | | ✓ | | 4 |
| Tá beagnach $200 billiún ina gcúlchistí airgid ag Apple. | ✓ | | | | 3 |

**15.** **Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart i ngach ceann de na ráitis seo a leanas.** **15m**

**(i)** Is é a thuigtear le BLC ná **Bainistíocht** / Beartas Lánchaílíochta. 4

**(ii)** Baineann spreagadh / **cumasú** fostaithe le páirt ghníomhach a bheith ag fostaithe i reáchtáil an ghnólachta. 4

**(iii)** Déanann Bainisteoir atá ina Éascaitheoir tascanna **a tharmligean** / a leagan síos do na fostaithe. 4

**(iv)** Is féidir Dearadh Ríomhchuidithe/ **Ríomhchúnta** a úsáid chun táirgí a dhearadh. 3

# ROINN 2

## CUID 1

### CEIST 1

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| A | **(i) Cad dó a seasann na litreacha CICT (CCPC i mBéarla)?**<br>An Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí<br><br>**(ii) Ainmnigh an Dlí Tomhaltais eile a fhorfheidhmíonn CICT.**<br>An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 | **10m**<br>2+1+1+1<br><br>2+2+1 |
| B | **Mínigh, agus samplaí á n-úsáid agat, na forálacha seo a leanas san Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980:**<br><br>**(i) Is gá go mbeadh earraí de réir caighdeán inmhargaidh**<br>Ba cheart go mbeadh na hearraí ar chaighdeán réasúnta, oiriúnach le díol, ag smaoineamh ar a marthanacht agus an praghas a íocadh.<br>Samplaí:<br>• Peann €50 in aghaidh peann €1.<br>• Ba chóir go mbeadh péire bróg a chosnaíonn €80 ar chaighdeán maith agus ba chóir go mairfidís i bhfad.<br><br>**(ii) Is gá go mbeadh earraí oiriúnach don fheidhm atá leo**<br>Caithfidh earraí a bheith in ann an rud ar a ndíoltar iad a dhéanamh agus in ann a bhfuil siad saincheaptha lena ndéanamh a dhéanamh:<br>Samplaí:<br>• Ba chóir go mbeadh meaisín níocháin in ann éadaí a ghlanadh go soiléir.<br>• Ba chóir go mbeadh seaicéad uiscedhíonach an bháisteach a choinneáil amach.<br>• Ní mór go mbeadh cuisneoir/reoiteoir in ann bia a reo.<br><br>**(iii) Má cheannaíonn tomhaltóir táirge lochtach, cé atá freagrach?**<br>Tá an Miondíoltóir freagrach. Tá an conradh ann idir an miondíoltóir agus an tomhaltóir. Dá bhrí sin, ní féidir leis an miondíoltóir freagracht as aon fhadhbanna leis an táirge a chur ar aghaidh chuig an monaróir.<br>Sampla:<br>Stop ríomhaire glúine nua Lenovo a ceannaíodh i nTechshop Ltd ag obair tar éis cúpla seachtain agus d'fhill an tomhaltóir ar ais ar an siopa chun é a dheisiú. Tá oibleagáid dhlíthiúil ar Techshop Ltd an ríomhaire glúine a dheisiú nó a athsholáthar/aisíocaíocht a sholáthar mura féidir é a dheisiú. | **20m**<br><br>7m<br>(4 + 3)<br><br>7m<br>(4 + 3)<br><br>6m<br>(4 + 2) |

| | | |
|---|---|---|
| **C** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá chineál leighis/cúitimh a bhfuil tomhaltóirí ina dteideal má sháraítear aon cheann d'fhorálacha an Achta um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980.**<br>• **Aisíocaíocht:** Aisíoc an airgid a íocadh as an táirge leis an tomhaltóir. Má cheannaíonn tomhaltóir earra lochtach agus má dhéanann sé nó sí gearán go pras, tá sé/sí i dteideal aisíocaíocht iomlán airgid a fháil.<br>• **Athsholáthar:** Féadfar malartú a sholáthar freisin, e.g., samhail nua den chaighdeán céanna nó den chineál céanna, i.e., ceann díreach mar an gcéanna leis an táirge a díoladh den chéad uair agus é i riocht foirfe.<br>• **Deisiúchán:** Is féidir leis an miondíoltóir tairiscint a dhéanamh an táirge lochtach a shocrú don tomhaltóir. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br>7m<br>(4 + 3) |
| **D** | **Déan cur síos ar dhá fheidhm ar bith atá ag ceardchumann.**<br>• Cosaint a sholáthar do bhaill i gcoinne aon chleachtas bainistíochta éagórach ag fostóirí i leith fostaithe.<br>• Dálaí oibre sláintiúla agus sábháilte a chinntiú dá mbaill.<br>• An pá is fearr is féidir a fháil dá mbaill. Déanann siad idirbheartaíocht leis na fostóirí agus leis an rialtas chun arduithe pá ginearálta a lorg.<br>• Na hoibrithe a eagrú le linn díospóidí trádála agus ionadaíocht a dhéanamh orthu.<br>• Leasanna a mball a chur chun cinn, a chosaint agus a chaomhnú.<br>• Chun comhairle a sholáthar – is féidir leis na fostaithe teagmháil a dhéanamh lena gceardchumann chun comhairle a fháil ar gach saincheist a bhaineann le fostaíocht.<br>• Gníomhaíocht thionsclaíoch a eagrú má theip ar gach idirbheartaíocht. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br>7m<br>(4 + 3) |
| **E** | **Mínigh an próiseas a gcaithfidh fostaithe páirt a ghlacadh ann chun 'stailc oifigiúil' a reáchtáil, faoi mar a leagtar amach san Acht Caidrimh Thionscail, 1990.**<br>• Caithfear ballóid rúnda de bhaill an cheardchumainn a reáchtáil.<br>• Má vótáiltear stailc i bhfabhar, ní mór do Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) an stailc a cheadú.<br>• Caithfear fógra seachtaine a thabhairt don fhostóir sula rachaidh sé nó sí ar stailc.<br>• Tá cead ag na fostaithe picéad a dhéanamh lasmuigh d'áitreabh a bhfostóra féin (picéadú príomhúil) agus/nó lasmuigh d'áitreabh eile má tá an gnó eile ag cur frustrachais ar a ngníomhaíocht stailce (picéadú tánaisteach). | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br>7m<br>(4 + 3) |

**CEIST 2**

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| A | **Mínigh an téarma saincheadúnas mar chineál úinéireachta gnólachta.**<br>Is éard is saincheadúnas ann comhaontú idir cuideachta bhunaidh (saincheadúnóir) agus gnó nua (saincheadúnaí) a ligeann/a cheadaíonn don saincheadúnaí ainm, lógó, táirgí agus smaoineamh gnó an tsaincheadúnóra a úsáid mar chúiteamh ar tháille agus céatadán bliantúil de díolacháin/brabúis. | **10m**<br><br>4 + 3 + 3 |
| B | **Ainmnigh dhá ghnólacht eile in Éirinn a fheidhmíonn mar shaincheadúnais.**<br>McDonalds<br>Supermacs<br>Burger King<br>KFC<br>Eason<br>Subway<br>Aon fhreagra inghlactha eile (ní saincheadúnais iad SuperValu etc.). | **10m**<br><br>5<br><br>5 |
| C | **Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste amháin agus ar mhíbhuntáiste amháin a bheadh ann do Shíne agus do Mhicheál dá gcinnfidís ar a ngnó a shaincheadú.**<br><br>**Buntáiste:**<br>• Modh tapa leathnaithe mar b'fhéidir gur mhaith le saincheadúnais ó gach cearn den tír a bheith páirteach ann.<br>• Caipiteal/Airgeadas a sholáthraíonn an saincheadúnaí le haghaidh asraon nua.<br>• Sruth ioncaim nua de réir mar a bheidh an t-ainm branda nó an lógó níos seanbhunaithe.<br><br>**Míbhuntáiste:**<br>• Damáiste don bhranda má theipeann ar an saincheadúnas.<br>• Beidh ar Janet agus Michael an bholscaireacht agus an fhógraíocht/an mhargaíocht go léir a mhaoiniú.<br>• D'fhéadfaí gné uathúil dhíolacháin (USP - unique selling point) a chailleadh má fhásann saincheadúnas rómhór. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br>7m<br>(4 + 3) |

| | | |
|---|---|---|
| D | **(i) Ainmnigh an earnáil den gheilleagar ina bhfeidhmíonn tionscail an fháilteachais agus na turasóireachta.**<br><br>Den tríú grád (ar a dtugtar earnáil na Seirbhísí freisin)<br><br>**(ii) Mínigh an dá earnáil eile den gheilleagar agus tabhair sampla amháin de ghnólacht i ngach earnáil díobh.**<br><br>**An Earnáil Phríomhúil:**<br>Ar a dtugtar na tionscail Eastóscacha freisin, baineann sé le hamhábhair a bhaint as acmhainní nádúrtha. Cuimsítear ann Feirmeoireacht, Iascaireacht, Foraoiseacht agus Mianadóireacht.<br><br>Gnólachtaí lena mbaineann: Bord na Mona, Bord Gáis, Coillte<br><br>**An Earnáil Thánaisteach:**<br>Clúdaíonn sé sin na tionscail déantúsaíochta, tógála agus gnó talmhaíochta. Tiontaítear amhábhair ón mbunearnáil ina dtáirgí críochnaithe.<br><br>Gnólachtaí lena mbaineann: Glanbia, Kerry Group, Sisk, Boston Scientific | **25m**<br><br>5<br><br><br><br>4 + 4 + 2<br><br><br>4 + 4 + 2<br><br>(Baineann an 2m leis an sampla) |
| E | **Tabhair breac-chuntas ar shlí amháin a mbeidh tionchar ag an laghdú ar an ráta CBL ar gach ceann díobh seo a leanas:**<br><br>**Tionscail na Turasóireachta agus an Fháilteachais:**<br>• Meallfaidh laghdú ar phraghsanna mar gheall ar CBL níos ísle níos mó turasóirí agus daoine chun saoire a chaitheamh sa bhaile, agus beidh ioncam méadaithe ann d'óstáin agus bialanna.<br>• Cuideoidh éileamh breise ar sheirbhísí le níos mó fostaíochta a chruthú san earnáil.<br><br>**Ioncam Reatha an Rialtais:**<br>• Laghdóidh níos lú ioncaim CBL ón earnáil seo Ioncam Reatha an Rialtais.<br>• Beidh níos lú le caitheamh ag an Rialtas ar réimsí tábhachtacha mar shláinte agus cosaint shóisialta. | **15m**<br><br><br>8m<br>(5 + 3)<br><br><br>7m<br>(5 + 2) |

## CEIST 3

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| A | **(i) Ón eolas a thugtar, ríomh Comhardú na nÍocaíochtaí do R2 2020. Taispeáin do chuid oibre.**<br>**(ii) Luaigh cé acu barrachas nó easnamh atá ann.**<br><br>**(i)** Comhardú na nÍocaíochtaí = Iomlán na nIompórtálacha – Iomlán na nIompórtálacha<br><br>Iomlán na nIompórtálacha (Iompórtálacha Infheicthe + Iompórtálacha Dofheicthe)<br>€56bn + €52bn = €108bn<br>Iomlán na nIompórtálacha (Iompórtálacha Infheicthe + Iompórtálacha Dofheicthe)<br>€23bn + €53bn = €76bn<br>Comhardú na nÍocaíochtaí = 108bn – 76bn = €32bn<br><br>**(ii)** Barrachas | **20m**<br><br><br><br>2<br><br><br>2 + 2 + 1<br><br><br>2 + 2 + 1<br>4<br><br>4 |
| B | **Mínigh dhá chúis a bhfuil an trádáil idirnáisiúnta tábhachtach d'Éirinn.**<br><br>• Níl rochtain ar amhábhair ar fáil in Éirinn – Is féidir le gnólachtaí na hÉireann amhábhair riachtanacha a rochtain chun a gcuid earraí a tháirgeadh<br>• Díolacháin mhéadaithe (easpórtálacha) mar gheall ar mhargadh beag baile – tá díolacháin teoranta in Éirinn mar gheall ar mhéid an daonra<br>• Fás agus maireachtáil ghnólachtaí na hÉireann – caithfidh go leor gnólachtaí easpórtáil a dhéanamh chun maireachtáil<br>• Níos mó rogha ann do thomhaltóirí **–** tugann iompórtálacha earraí a tháirgtear ón gcoigríoch rogha níos leithne do thomhaltóirí<br>• Caighdeán níos fearr agus praghsanna iomaíocha do thomhaltóirí – bíonn táirgí ar chaighdeán níos fearr agus praghsanna córa mar thoradh ar iomaíocht mhéadaithe<br>• Cruthaíonn sé fostaíocht – bíonn fostaíocht mhéadaithe mar thoradh ar fhás gnó sna margaí easpórtála<br>• Feabhsaíonn sé Comhardú na Trádála agus Comhardú na nÍocaíochtaí – feabhsaíonn easpórtálacha méadaithe earraí agus seirbhísí geilleagar na hÉireann<br>• Cabhraíonn sé le gnó na hÉireann barainneachtaí scála a bhaint amach trí dhíol i gcainníochtaí móra. | **15m**<br><br>8m<br>(5 + 3)<br><br>7m<br>(5 + 2) |

| | | |
|---|---|---|
| **C** | **Úsáidtear taraif mar bhac ar thrádáil. Mínigh an téarma taraif agus ainmnigh bac amháin eile ar thrádáil.**<br><br>Is éard is taraif ann cáin ar earraí iompórtáilte a thagann isteach i dtír ó thír ar leith. Déanann sé earraí iompórtáilte níos costasaí. Feidhmíonn an tAontas Eorpach limistéar saorthrádála nach ngearrtar aon taraifí idir ballstáit an Aontais. Gearrtar taraifí ar earraí a thagann isteach san AE ó thíortha lasmuigh de. Úsáidtear taraifí chun tomhaltóirí a spreagadh chun earraí a tháirgtear sa bhaile a cheannach trí allmhairí a dhéanamh níos costasaí.<br><br>Bacainní eile ar thrádáil:<br>• Cuótaí<br>• Fóirdheontais<br>• Lánchoisc/Toirmisc<br>• Rialacháin<br>• Ceadúnais Iompórtála/Easpórtála | **15m**<br><br>10m<br>(5 + 5)<br><br>5 |
| **D** | **Mínigh an téarma cuideachta ilnáisiúnta (CIN).**<br><br>Is gnólacht é cuideachta ilnáisiúnta lena ceanncheathrú i dtír amháin ach oifigí/láithreacha cuideachta i dtíortha eile ar fud an domhain.<br>e.g. is gnó é Google a bhfuil a cheanncheathrú aige i Stáit Aontaithe Mheiriceá ach a bhfuil oibríochtaí agus oifigí aige in áiteanna eile mar Bhaile Átha Cliath. | **10m**<br><br>5 + 5 |
| **E** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a bhféadfadh cuideachtaí ilnáisiúnta athlonnú go hÉirinn i ndiaidh an Bhreatimeachta.**<br><br>• Náisiún ina labhraítear Béarla – Is í Éire an t-aon náisiún ina labhraítear Béarla a bheidh fágtha san Aontas Eorpach.<br>• Rochtain ar an AE – tá go leor cuideachtaí ilnáisiúnta ann atá lonnaithe sa RA faoi láthair chun rochtain a fháil ar mhargaí an AE – leanfaidh sé seo ar aghaidh má aistríonn siad go hÉirinn.<br>• Cáin Chorparáide Íseal – Is é ráta cánach corparáide íseal na hÉireann de 12.5% an ráta is ísle san AE, rud a chiallaíonn gur áit níos tarraingtí í ná aon bhallstát eile.<br>• Lucht saothair oilte – bogfaidh go leor cuideachtaí ilnáisiúnta go hÉirinn mar tá fórsa saothair againn ina bhfuil cáilíocht tríú leibhéal bainte amach ag os cionn 50%. | **15m**<br><br>8m<br>(5 + 3)<br><br>7m<br>(5 + 2) |

**CEIST 4**

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| **A** | **Mínigh dhá bhuntáiste a bhaineann fostaí as bheith mar bhall de Cheardchumann.**<br>• Beidh cumhacht margála méadaithe ag an bhfostaí mar go labhróidh an ceardchumann thar ceann na bhfostaithe go léir in aon chaibidlíocht.<br>• Baineann Ceardchumainn úsáid as idirbheartaithe oilte agus iad ag plé le fostóirí chun na torthaí is fearr is féidir a fháil do na fostaithe.<br>• Feabhsaítear slándáil poist do bhaill toisc go gcuirfear cosc ar fhostóirí fostaithe a bhriseadh as a bpost gan chúis mhaith. Bheadh a fhios acu go mbeadh go leor cumhachta ag an gceardchumann chun an fostaí a chur ar ais ina p(h)ost.<br>• Cosnaítear cearta fostaithe – déanann ceardchumainn a ndícheall a chinntiú go gcosnaíonn a bhfostóir cearta gach baill.<br>• Pá níos fearr – ceann de phríomhchuspóirí ceardchumainn is ea an pá is fearr is féidir a lorg dá bhaill uile.<br>• Dálaí oibre níos fearr – déanann an ceardchumann iarracht dálaí oibre na bhfostaithe a fheabhsú.<br>• Idirbheartaíocht maidir le socraíochtaí iomarcaíochta – déanann an ceardchumann pacáistí iomarcaíochta a chaibidliú d'fhostaithe mura féidir poist a shábháil.<br>• Soláthraíonn sé comhairle – is féidir leis na fostaithe teagmháil a dhéanamh lena gceardchumann chun comhairle a fháil ar gach saincheist a bhaineann le fostaithe mar theidlíochtaí dlíthiúla, laethanta saoire, coinníollacha, coimhlint, conarthaí.<br>• Soláthraíonn sé comhairle – is féidir leis na fostaithe teagmháil a dhéanamh lena gceardchumann chun comhairle a fháil ar gach saincheist a bhaineann le fostaíocht.<br>[Glactar le freagraí cearta eile.] | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br>7m<br>(4 + 3) |
| **B** | **Luaigh sampla amháin de Cheardchumann in Éirinn.**<br>SIPTU, TUI, INMO, ASTI, INTO, Fórsa, NUJ | **10m**<br>10 |
| **C** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá iarmhairt ar aighnis thionsclaíocha.**<br>• Cailliúint Pá d'fhostaithe<br>• Cailliúint Díolachán agus Brabús a chailleadh don ghnólacht/don fhostóir<br>• Cailliúint Seirbhíse/Míshásamh custaiméirí don tomhaltóir<br>• Ioncam Cánach a Chailliúint don Rialtas<br>• Bíonn drochthionchar aige ar an meanma/ar an gcaidreamh idir an fostóir agus fostaithe<br>• Drochíomhá phoiblí don ghnólacht/don eagraíocht<br>• B'fhéidir go mbeidh ar ghníomhaireachtaí rialtais mar An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC- Workplace Relations Commission) chun idirghabháil/cúnamh a thabhairt. | **15m**<br><br>8m<br>(5 + 3)<br><br>7m<br>(5 + 2) |

| | | |
|---|---|---|
| **D** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá fheidhm atá ag ionadaí ceardchumainn.**<br>• Baill a choinneáil suas chun dáta le faisnéis ón bpríomhoifig, e.g., dul chun cinn maidir le comhairliúcháin ar chúrsaí pá, treoracha i dtéarmaí stailc.<br>• Baill nua a earcú – baill nua den lucht saothair/den fhoireann a spreagadh le bheith sa cheardchumann.<br>• Aird a tharraingt na buntáistí a bhaineann le bheith i do bhall den cheardchumann d'aon fhostaí nach bhfuil i gceardchumann.<br>• Dul i mbun casaoidí na bhfostaithe leis an mbainistíocht, e.g., dálaí oibre, ardú céime, uaireanta oibre.<br>• Plé le cúrsaí nach féidir a shocrú go hinmheánach go leibhéal níos airde sa cheardchumann.<br>• Ábhair imní na mball a chur in iúl do phríomhoifig an cheardchumainn. Cuidíonn sé seo le clár oibre an cheardchumainn a mhúnlú.<br>• Freastal ar chruinnithe de bhrainse an cheardchumainn agus aiseolas a thuairisciú do chomhfhostaithe.<br>• Cruinnithe ceardchumainn a eagrú san ionad oibre. | **15m**<br><br>8m<br>(5 + 3)<br><br>7m<br>(5 + 2) |
| **E** | **Mínigh, agus dhá chúis á dtabhairt agat, cén fáth a bhfuil an fógra thíos neamhdhleathach faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015.**<br>• Idirdhealú inscne – lorgaítear mná amháin san fhógra d'iarratasóirí – tá sé sin mídhleathach.<br>• Idirdhealú ciníoch – ní féidir cine ar leith a shonrú i bhfógra poist, mar shampla "ní foláir dó nó di a bheith ina (h)Éireannach" agus earcaíocht ar siúl le haghaidh poist – tá sé mídhleathach. | **20m**<br><br>2 x 10m<br>(5 + 5) |

# CUID 2

## CEIST 5

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| A | **Tabhair breac-chuntas ar thrí cinn de thréithe/scileanna fiontraíochta a bhaineann le fiontraithe mar Devan agus Artavazd.**<br><br>• **Duine a bhíonn toilteanach seans a ghlacadh** – Ghlac Devan agus Artavazd riosca airgeadais gan aon ráthaíocht go n-éireoidh leo.<br>• **Nuálach/Cruthaitheach** – Chonaic Devan agus Artavazd deis nua/ tháinig smaoineamh nua chucu – aip chun siopadóireacht a fheabhsú.<br>• **Scileanna um Chaidreamh Daonna** – an cumas foireann bhreise a láimhseáil<br>• **Dícheallach/Fuinniúil** – toilteanach uaireanta fada a chur isteach agus an oiread oibre a dhéanamh agus is féidir chun a gcuspóir a bhaint amach.<br>• **Teacht Aniar ann** – in ann coinneáil ag dul nuair a bhíonn deacrachtaí ann.<br>• **Dírithe ar an todhchaí/uaillmhianach** – féachaint chun cinn i dtreo na todhchaí agus pleananna a chur le chéile chun fanacht chun tosaigh ar iomaitheoirí.<br>• **Réamhghníomhach** - gan a bheith fanacht ar dhaoine eile rudaí a dhéanamh dóibh.<br>• **Neamhspleách** – in ann oibriú as a stuaim féin.<br>• **Muiníneach** – fios acu gur féidir leo spriocanna a bhaint amach; féinchreideamh ina smaointe féin – foireann bhreise fostaithe.<br>• **Solúbtha** – In ann oiriúnú do chúinsí athraitheacha.<br><br>Glac le haon fhreagra oiriúnach eile. | **15m**<br><br>3 x 5m<br>(3 + 2) |
| B | **Mínigh dhá shlí ar féidir le Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a bheith ina cabhair do ghnólacht.**<br><br>• Cumarsáid fheabhsaithe – cumarsáid láithreach ar fud an domhain – ríomhphoist, físchomhdháil.<br>• Margaíocht – Is féidir le gnólachtaí fógraíocht a dhéanamh ar líne do lucht féachana domhanda – idirlíon/láithreáin ghréasáin/na meáin shóisialta.<br>• Ríomhthráchtáil – Is féidir Earraí/Seirbhísí a dhíol ar líne le margaí domhanda, rud a mhéadaíonn an brabús.<br>• Taighde Margaidh – Is féidir le gnólachtaí faisnéis a lorg faoina n-iomaitheoirí nó suirbhé ar líne a dhéanamh.<br>• Idirmhalartú Leictreonach Sonraí (EDI-Electronic Data Interchange) – cinntíonn córas uathoibríoch um ordú stoic go mbíonn go leor stoic agat i gcónaí.<br>• Cruinnithe – Is féidir cruinniú duine le duine a dhéanamh gan aon ghá taisteal – físchomhdháil, Teams, Zoom.<br>• Cinnteoireacht thapa – tá sé níos éasca réamhaisnéis airgeadais a dhéanamh -– réamhaisnéisí maidir le sreabhadh airgid, scarbhileoga.<br>• Cuireann sé ar chumas fostaithe agus bainisteoirí oibriú ón mbaile – ríomhairí glúine, iPadanna.<br>• Táirgeadh – is féidir DRC/CAM a úsáid le haghaidh dearadh agus déantúsaíocht.<br>• Is féidir taifid chustaiméirí a choinneáil ar bhunachair shonraí.<br>• Párolla – Tá bogearraí ar fáil chun pá foirne agus dliteanais chánach a ríomh.<br>Glac le haon fhreagra oiriúnach eile. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br>7m<br>(4 + 3) |

| | | |
|---|---|---|
| **C** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá thairbhe a bhaineann gnólacht as fostaithe a spreagadh.**<br>• Táirgiúlacht Feabhsaithe - oibríonn fostaithe níos crua<br>• Níos lú neamhláithreachta – bíonn na fostaithe sásta teacht chun an obair<br>• Ráta íseal maidir le hathruithe sa lucht saothair – fanann fostaithe sa ghnó<br>• Caidreamh Dearfach Tionscail – tá seans níos lú ann go mbeidh díospóidí ann mar gheall go bhfuil meanma ard ann<br>• Infhiontraíocht – is é is dóichí go mbeidh smaointe nua don ghnó ag fostaithe, rud a spreagann an infhiontraíocht. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br>7m<br>(4 + 3) |
| **D** | **(iv) Liostaigh na leibhéil 2,4 agus 5 atá in easnamh.**<br>**2:** Sábháilteacht/Slándáil<br>**4**: Meas<br>**5**: Féin-Achtáil<br>**(ii) Mínigh tionscnamh a d'fhéadfadh Tesco a thabhairt isteach chun iarracht a dhéanamh ar riachtanais shóisialta a gcuid fostaithe a shásamh ar leibhéal 3.**<br>• Cumann Sóisialta/Turais – turais foirne/oícheanta amuigh/gníomhaíochtaí neartaithe foirne a eagrú.<br>• Struchtúr Maitríseach – fostaithe a eagrú ina bhfoirne. | **20m**<br><br>3 x 5m<br><br>5m<br>(3 + 2) |
| **E** | **Mínigh an stíl dhaonlathach cheannaireachta uaireanta a úsáidtear ag Tesco agus cinntí á ndéanamh.**<br>Is stíl chuimsitheach ceannaireachta í ceannaireacht dhaonlathach. Bíonn baint ag bainisteoirí Tesco leis an bhfoireann sa phróiseas cinnteoireachta. Déanann siad cumarsáid agus téann siad i gcomhairle leis an bhfoireann. Déanann siad baill foirne a spreagadh agus a ghríosadh seachas orduithe a thabhairt. Creideann siad go dtaitníonn an obair le fostaithe agus go bhfuil siad féinspreagtha. Bíonn muinín acu as a gcuid fostaithe chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh. Tarmligeann ceannairí daonlathacha freagracht agus spreagann siad infhiontraíocht. Tabharfaidh ceannaire daonlathach aitheantas agus moladh don fhoireann as an obair a cuireadh i gcrích. Méadaíonn sé sin meanma na mball foirne, rud a fhágann go bhfuil spreagadh agus táirgiúlacht ard ann. | 10m<br><br>5 + 5 |

## CEIST 6

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| A | **Mínigh trí mhodh, seachas pá, chun duais saothair a thabhairt d'fhostaithe.**<br>• Coimisiún – tuilleann pearsanra díolacháin céatadán de luach díola na dtáirgí.<br>• Sochar comhchineáil – modhanna luaíochta neamhairgeadais mar charr cuideachta, ríomhaire glúine, árachas sláinte.<br>• Scéim úinéireachta scaireanna – an rogha d'fhostaithe scaireanna a cheannach sa ghnó ar phraghsanna lascainithe/ísle.<br>• Bónas – íocaíocht bhreise as spriocanna a bhaint amach e.g. táirgiúlacht, coimeád ama. Is minic a íoctar é ag amanna tábhachtacha, e.g., an Nollaig, má tá brabús á dhéanamh ag an ngnó.<br>• Comhroinnt Brabúis – ag tabhairt sciar céatadáin de na brabúis do na fostaithe.<br>• Fleisc-am – rud a thugann an deis d'fhostaithe a n-amanna tosaigh/críochnaithe féin a shocrú chomh fada agus a oibrítear na huaireanta íosta.<br>• Níos mós laethanta saoire – líon na laethanta saoire bliantúla íoctha a mhéadú. | **15m**<br><br>3 x 5m<br>(3 + 2) |
| B | **Tabhair breac-chuntas ar dhá fheidhm, seachas Pleanáil Daonchumhachta, atá mar chuid de phost Bainisteora Acmhainní Daonna.**<br><br>**Earcaíocht & Roghnú:** Tá Bainisteoir Acmhainní Daonna freagrach as baill nua foirne a fhostú – baineann sé sin le tuairisc poist, sonraíocht faoin bpearsa agus fógra poist a chruthú. Ansin déanann an Bainisteoir Acmhainní Daonna scagadh ar iarratasóirí agus roghnaíonn sé iarrthóirí oiriúnacha tar éis próiseas agallaimh/tástála inniúlachta/roghnúcháin.<br>**Oiliúint & Forbairt:** Is é an Bainisteoir AD a eagraíonn an oiliúint uile don fhoireann nua agus don fhoireann atá ann cheana. Féadfaidh gníomhaireacht eile é sin a dhéanamh go hinmheánach (sa phost) nó in áit sheachtrach (lasmuigh den phost). Is éard atá i gceist le forbairt ná scileanna breise a sholáthar don fhoireann a chabhróidh leo i róil amach anseo.<br>**Breithmheas Feidhmíochta:** De ghnáth déantar é sin ar bhonn bliantúil nuair a dhéanann an Bainisteoir Acmhainní Daonna athbhreithniú ar fheidhmíocht fostaí. Beidh próiseas agallaimh i gceist leis sin ina bpléifidh an fostaí agus an Bainisteoir Acmhainní Daonna spriocanna a socraíodh agus a baineadh amach, riachtanais oiliúna etc. Úsáidtear é freisin chun iarrthóirí oiriúnacha a aithint le haghaidh ardú céime.<br>**Duaiseanna Fóirne:** Tugann an Bainisteoir Acmhainní Daonna aire do luach saothair na foirne trí mhodhanna airgeadais agus neamhairgeadais e.g. tuarastal/pá, sochar comhchineáil etc.<br>**Caidreamh Fostóra/Fostaí:** Is é an Bainisteoir Acmhainní Daonna an nasc idir an bhainistíocht agus an fhoireann. Déanfaidh sé/sí iarracht atmaisféar dearfach a chruthú san ionad oibre agus déileálfaidh sé le haon díospóidí a d'fhéadfadh tarlú. | **20m**<br><br>10m<br>(5 + 5)<br><br>10m<br>(5 + 5) |

| | | |
|---|---|---|
| **C** | **Ríomh an pacáiste iomarcaíochta a fuair Tomás ó Óstán Theach Dhún Maicí.**<br><br>Freagra: Gheobhaidh Tom íocaíocht iomarcaíochta de **€32,340**<br><br>Do chuid oibre:<br><br>€490 x 6 seachtaine x 11 bhliain = €32,340<br><br>2 1 2 1 2 | **10m**<br><br>10<br><br>(Má tá sé mícheart, ceadaigh suas le 8 marc le haghaidh dea-oibriú amach) |
| **D** | **(i) Ainmnigh agus mínigh na cineálacha mótarárachais amháin a d'fhéadfadh Tomás a cheannach.**<br>**(ii) Ainmnigh thoisc amháin a mbíonn tionchar acu ar phréimh mhótarárachais.**<br>**(i)** Árachas Cuimsitheach – clúdóidh sé sin aon damáiste nó díobháil do thríú páirtí, árachas dóiteáin agus gadaíochta do veain Tom agus damáiste do veain Tom i gcás timpiste.<br><br>Tríú Páirtí – íoscheanglas de réir dlí – i gcás timpiste ina raibh Tom, tá carr an duine eile clúdaithe.<br><br>Tríú Páirtí, Dóiteáin agus Goid - i gcás timpiste tá an tríú páirtí clúdaithe, clúdaítear damáiste dóiteáin nó goid i gcás carr Tom freisin.<br><br>**(ii)** Fachtóir tionchair:<br><br>Cineál Ceadúnais Tiomána<br>Taithí Tiomána/líon blianta gan aon bhónas cheal éilimh<br>Déanamh, múnla agus luach na feithicle<br>Bliain an chláraithe<br>Timpistí/éilimh roimhe seo<br>Pointí pionóis/ciontuithe<br>Faoi bhun/os cionn aois áirithe. | **15m**<br><br>10m<br>(5 + 5)<br><br>5 |

| | | |
|---|---|---|
| **E** | **Ní mór do Thomás cloí leis na prionsabail Meon Lánmhaith, Slánaíocht agus Leas Inárachais. Mínigh dhá cheann de na prionsabail sin.**<br><br>**Meon Lánmhaith:**<br>Caithfidh duine a ghlacann árachas a bheith ionraic agus an fhoirm árachais á chomhlánú aige nó aici – caithfear gach fíric ábhartha a dhearbhú. Fíric ábhartha is ea aon rud a théann i bhfeidhm ar an leibhéal an riosca a iarrtar ar an árachóir a chlúdach agus mar sin an phréimh a ghearrtar.<br><br>Sampla: Teach ceann tuí, teach gar don abhainn, riocht míochaine. Caithfear na fíricí ábhartha sin a nochtadh.<br><br>**Slánaíocht:**<br>Ní féidir le duine brabús a dhéanamh as árachas – is é cuspóir an árachais an duine a fhágáil sa riocht airgeadais céanna agus a bhí sé roimh an éileamh.<br>Cosnaíonn sé sin an t-árachóir ó ró-árachas.<br><br>Sampla: Árachas €15,000 ar an gcarr. Luach margaidh de €9,000. Ní bhfaighidh árachaí ach cúiteamh €9,000 i gcás feithicil dhíscríofa.<br><br>**Leas Inárachais:**<br>Caithfidh leas airgeadais a bheith ag an duine atá ag glacadh árachais maidir leis an earra atá árachaithe – caithfidh sé leas a bhaint as é a bheith ann agus bheadh fulaingt airgeadais ann dá gcaillfí é.<br><br>Sampla: Féadfaidh daoine a dteach féin a árachú ach níl aon leas inárachais ann dóibh teach a gcomharsan a árachú. | **15m**<br><br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br><br>7m<br>(4 + 3) |

**CEIST 7**

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| A | **Ainmnigh mír amháin a d'fhéadfadh Cumann Gailf Chnoc Éidin a chur san áireamh ina réamhaisnéis um shreabhadh airgid faoi gach ceann de na ranna seo a leanas:**<br><br>**(i) Roinn na bhfáltas**<br>Ballraíocht/Síntiúis<br>Táillí Imeartha<br>Díolacháin Beáir<br>Díolacháin Bia/Bialainne<br>Deontas<br>**(ii) Roinn na nÍocaíochtaí**<br>Pá<br>Árachas<br>Solas & Teas<br>Cothabháil<br>Glac le haon fhreagra ábhartha eile. | **10m**<br><br><br><br>5<br><br><br><br><br><br><br><br>5 |
| B | **(i) An bhfuil sreabhadh airgid Chumann Gailf Chnoc Éidin ar staid níos fearr i mí Eanáir nó i mí an Mhárta?**<br><br>Freagra: Márta<br><br>**(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a d'fhéadfadh a bheith le do fhreagra.**<br>• Fáltais Mhéadaithe de €25,000 i mí an Mhárta, is dócha mar gheall ar níos mó ball ag íoc a gcuid síntiús bliantúil de réir mar a thagann feabhas ar an aimsir.<br>• Is dócha gur imir níos mó cuairteoirí galf i mí an Mhárta, rud a fhágann Táillí Imeartha breise chun na hadmhálacha a mhéadú.<br>• Íocaíochtaí níos ísle ná na míonna roimhe sin, mar is dócha gur íocadh costais mar Árachas agus deisiúcháin/seirbhísiú innealra i mí Eanáir.<br>• D'fhág sé sin Glan-Airgead Barrachais de €12,000 i mí an Mhárta, rud a chealaigh airgead deiridh diúltach i mí Feabhra agus a d'fhág airgead Deiridh de €5,000.<br>**NÓ**<br>• Sháraigh íocaíochtaí admhálacha faoi €8,000 i mí Eanáir, is dócha mar gheall ar roinnt íocaíochtaí bliantúla aonuaire mar árachas nó seirbhísiú innealra.<br>• Bheadh caiteachas breise eile i rith mhí Eanáir mar gheall ar bhillí solais agus teasa méadaithe don Chlubtheach etc.<br>• Bheadh admhálacha beáir agus bia ag an leibhéal is ísle acu i mí Eanáir mar ní bhíonn mórán daoine ag imirt gailf agus bheadh daoine eile tar éis a gcuid airgid spártha a chaitheamh um Nollaig.<br>• D'fhág sé sin easnamh maidir le hAirgead tirim deiridh lúide €6,000, nach féidir a fhulaingt ach sa ghearrthéarma. | **20m**<br><br><br>5<br><br><br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br>7m<br>(4 + 3) |

| | | |
|---|---|---|
| **C** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann le cruinnithe mar mhodh cumarsáide.**<br>• Ag cruinnithe, téann rannpháirtithe i gcomhairle agus plé ar roghanna sula ndéanann siad cinneadh ar an bplean is fearr don ghnó. Is féidir le gach duine cur leis, rud a chuidíonn leis an gcinnteoireacht.<br>• Soiléire/tuiscint – ceadaítear aghaidh a thabhairt láithreach ar aon mhearbhall nó míthuiscint láithreach. Laghdaíonn sé sin aon seans go ndéanfar míthuiscint<br>• Aiseolas/Tuairimí – tugann aon fhreastalaí ar mian leis nó léi labhairt aiseolas láithreach ar fhaisnéis.<br>• Dáimh/Caidreamh dearfach – tógann cruinnithe duine le duine ar an gcaidreamh idir daoine.<br>• Go maith do mheanma na foirne mar bíonn deis ag gach duine pointí a chur in iúl.<br>• Is féidir cinntí a dhéanamh níos gasta – bíonn daoine aghaidh ar aghaidh agus is féidir leo cinntí a dhéanamh ar an láthair. | **15m**<br><br>8m<br>(5 + 3)<br><br>7m<br>(5 + 2) |
| **D** | **Mínigh dhá fhoinse d'airgeadas fadtéarmach a d'fhéadfadh Cumann Gailf Chnoc Éidin a úsáid chun a chuid gnó a leathnú.**<br><br>**Tuilleamh Coinnithe (Cúlchistí)**<br>Déantar brabúis roimhe seo de chuid an chumainn gailf, a coinníodh mar chúlchistí, a ath-infheistiú sa ghnó chun forbairt sa todhchaí a mhaoiniú.<br>**Iasacht Fhadtéarmach (Bintiúir)**<br>Iasachtaí os cionn cúig bliana urraithe ar shócmhainní seasta an chlub. Ráta sonraithe úis agus dáta aisíocaíochta.<br>**Deontas Caipitil Spóirt**<br>D'fhéadfadh Cumann Gailf Chnoc Éidin iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú ón scéim Deontas Caipitil Spóirt ón Rialtas. Ní gá deontais a aisíoc.<br>*Ná glac le Scairchaipiteal/Caipiteal Cothromais.* | **15m**<br><br>8m<br>(5 + 3)<br><br>7m<br>(5 + 2) |
| **E** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann le plean gnó a ullmhú.**<br>• Leagtar amach go soiléir ann cuspóirí agus spriocanna an ghnó a thugann treoir agus fócas don ghnó.<br>• Úsáidtear é i dteannta le réamhaisnéisí sreafa airgid chun airgeadas a fháil ó iasachtóirí, a chaithfidh a bheith cinnte go bhfuil seans maith ann go n-éireoidh leis an bplean.<br>• Is féidir leis cabhrú le hinfheisteoirí ionchasacha a mhealladh mar is féidir leo an riosca a mheas sula ndéanann siad infheistíocht.<br>• Aithnítear leis na hacmhainní a theastaíonn don todhchaí chun go n-éireoidh leis an ngnó.<br>• Féadann sé aird a tharraingt ar dheacrachtaí sa todhchaí agus féadfaidh an gnó céimeanna a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt orthu.<br>• Is féidir feidhmíocht iarbhír a chur i gcomparáid leis na spriocanna a leagtar síos, chun rath a chinneadh. | **15m**<br><br>8m<br>(5 + 3)<br><br>7m<br>(5 + 2) |

**CEIST 8**

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| A | **Mínigh dhá cheann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.**<br><br>**Giniúint Smaointe:**<br><br>Is cur chuige córasach é sin chun smaointe a fháil maidir le táirgí nua. Is é an chéad chéim sa phróiseas é. Is féidir smaointe a ghiniúint trí thob-smaointeoireacht, féachaint ar iomaitheoirí, taisteal, treochtaí, taighde agus forbairt, etc.<br><br>**Scagadh Táirgí:**<br><br>Áirítear leis sin gach smaoineamh maidir le táirge nua a mheas, déanamh réidh leis na smaointe is lú inmharthana agus neamh-inoibrithe agus an smaoineamh is oiriúnaí a roghnú, an ceann is fearr a éireoidh leis sa mhargadh.<br><br>**Staidéar Féidearthachta:**<br><br>Déantar Staidéar Féidearthachta le fáil amach an féidir an táirge a dhéanamh agus a thabhairt ar an margadh i ndáiríre. Sheiceáilfí leis sin:<br>• Má tá sé de chumas ag an ngnólacht an táirge a mhonarú<br>• Má tá an t-airgead ag an ngnólacht chun é a fhorbairt, a tháirgeadh agus a mhargú<br>• Más féidir é a tháirgeadh ar chostas réasúnta agus i gcainníochtaí móra go leor le díol ar bhrabús. | **15m**<br><br>8m<br>(5 + 3)<br><br>7m<br>(5 + 2) |
| B | **Tabhair breac-chuntas ar dhá mhodh taighde allamuigh a d'fhéadadh Cadbury a úsáid mar chuid de chéim na margaíochta tástála.**<br><br>**Suirbhé/ Ceistneoir**<br>Is féidir le Cadbury a chinneadh ó na freagraí conas a dhéanfaidh custaiméirí freagairt dá dtáirgí nua. D'fhéadfadh sé a aithint an bhfuil spriocmhargadh ann do na táirgí.<br>D'fhéadfadh sé airgead a shábháil do Cadbury má thaispeánann sé roimh ré nach mbeidh éileamh mór ar an táirge.<br><br>**Agallamh**<br>Duine le duine – Is féidir le taighdeoir Cadbury freagairt ar na ceisteanna a chuirtear a fheiceáil dó nó di féin. Féadfaidh aiseolas pearsanta an chuideachta a threorú i dtreo difriúil.<br><br>**Painéal Tomhaltóirí**<br>D'fhéadfadh grúpa daoine (grúpa fócais) na táirgí a úsáid agus aiseolas luachmhar a thabhairt do Cadbury.<br><br>**Breathnóireacht:**<br>D'fhéadfadh sé sin a thaispeáint conas a eagraíonn táirgeoirí táirgí iomaíocha a ngnó. D'fhéadfaí freagairt an tomhaltóra a bhreithniú freisin. | **15m**<br><br>8m<br>(5 + 3)<br><br>7m<br>(5 + 2) |

| C | (i) **Mínigh an téarma olltáirgeadh.** | **20m** |
|---|---|---|
| | Baineann **Olltáirgeadh** le monarú méideanna an-mhór de tháirgí comhionanna ar bhonn leanúnach. Tá leibhéal ard uathoibrithe i gceist, as a dtiocfaidh barainneachtaí scála amhail costais saothair ísle in aghaidh an aonaid. Bíonn éileamh mór riachtanach ar earraí olltáirgthe. Bíonn riachtanais arda stórála mar thoradh ar tháirgeadh leanúnach.<br><br>Samplaí: Pinn ghránbhioracha, iPadanna, liathróidí gailf, gluaisteáin. | 7m<br>(4 + 3) |
| | **(ii) Ainmnigh agus mínigh dhá mhodh Táirgthe eile.**<br><br>**Táirgeadh Poist:**<br><br>Seo monarú earraí aonuaire le hordú. Tá an saothar an-oilte agus dian. Déantar earraí a tháirgtear a shaincheapadh de réir shonraíochtaí na gcustaiméirí agus bíonn siad níos costasaí. Tá na táirgí ar ardchaighdeán. Tá an t-innealra / an trealamh a úsáidtear daor, rud a fhágann go bhfuil costas ard táirgeachta in aghaidh an aonaid.<br><br>Samplaí : troscán lámhdhéanta, culaith tháilliúrtha, gúnaí bainise, longa crúsála. | 7m<br>(4 + 3) |
| | **Táirgeadh Baisc**<br><br>Seo táirgeadh earraí i ngrúpaí nó i mbaisceanna. Déantar méid áirithe nó méid teoranta earraí comhionanna a tháirgeadh ag an am céanna agus ansin athraítear an táirgeacht chuig baisc nó grúpa difriúil earraí. Déantar na hearraí a tháirgeadh ag baint úsáid as leath-uathoibriú agus saothar oilte. Cuirtear an obair i gcrích ar gach céim den táirgeadh sula dtosaítear baisc nua. Is féidir innealra a choigeartú chun táirgí éagsúla a tháirgeadh. Laghdaíonn baisctháirgeadh costais agus bíonn barainneachtaí scála níos fearr aige ná jabtháirgeadh. Is gnách go mbíonn táirgí baisctháirgthe níos saoire do thomhaltóirí ná iad siúd a tháirgtear le jabtháirgeadh.<br><br>Sampla: i mbácús, baisc builíní agus baisc scónaí ina dhiaidh sin. | 6m<br>(3 + 3) |

| | | |
|---|---|---|
| D | **Léirigh, agus léaráid á húsáid agat, an bealach dáileacháin a d'fhéadfadh Cadbury a úsáid chun a gcuid barraí seacláide a dháileadh.**<br><br>**MONARÓIR**<br>⇩<br>**MÓRDHÍOLTÓIR**<br>⇩<br>**MIONDÍOLTÓIR**<br>⇩<br>**TOMHALTÓIR** | **10m**<br><br>4 x 2m<br><br>+ 2m le haghaidh saighead |
| E | **Tabhair breac-chuntas ar dhá fheidhm atá ag pacáistiú táirgí.**<br>• Chun an táirge a chosaint agus é faoi bhealach<br>• An táirge a stóráil go sábháilte gan aon bhaol éillithe ann<br>• Chun an branda a fhógairt tríd an bpacáistiú a dhéanamh tarraingteach<br>• Chun an táirge a dhifreáil ó iomaitheoirí<br>• Faisnéis faoin táirge a sholáthar do thomhaltóirí ionchasacha. | **15m**<br><br>8m<br>(5 + 3)<br><br>7m<br>(5 + 2) |

**CEIST 9**

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| A | **Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a bhfuil ainm branda maith tábhachtach do ghnólacht mar ghnólacht Mhuintir Riain.**<br><br>• Cuidíonn sé le siopa crua-earraí Ryan a shainaithint / déanann sé é níos so-aitheanta/ déanann sé é a dhifreáil ó shiopaí iomaitheoirí.<br>• Méadaíonn sé dílseacht na gcustaiméirí. Cloífidh tomhaltóirí le siopa áirithe má tá siad sásta, rud a mhéadaíonn díolacháin agus brabúis.<br>• Cabhraíonn sé le margaíocht agus fógraíocht / coimeádann ainm branda an tsiopa agus ainmneacha branda a tháirgí in intinn na dtomhaltóirí.<br>• Is minic go mbíonn íomhá ar chaighdeán níos airde ag ainm branda aitheanta. Dá bhrí sin, is féidir leis an siopa praghas níos airde a ghearradh. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br>7m<br>(4 + 3) |
| B | **Tabhair breac-chuntas ar thrí thoisc nach mór do Mhuintir Riain a chur san áireamh sula socraíonn siad praghsanna a gcuid táirgí.**<br>• Spriocmhargadh – an méid is féidir le tomhaltóirí a íoc / an méid atá siad sásta a íoc<br>• Praghsanna na nIomaitheoirí – an mbeidh siad mar an gcéanna, níos saoire nó an ndíolfaidh siad ar phraghas níos airde<br>• Costas an táirge – cén praghas a chlúdóidh costas agus a thabharfaidh brabús<br>• Íomhá – cén cineál íomhá atá siad ag iarraidh a chruthú<br>• Cánacha/Taraifí – caithfidh gach cáin agus taraif a bheith san áireamh sa phraghas<br>• Coinníollacha eacnamaíocha/éileamh – is féidir praghsanna níos airde a ghearradh i ngeilleagar atá ag borradh. | **20m**<br><br>7m<br>(4 + 3)<br><br>7m<br>(4 + 3)<br><br>6m<br>(4 + 2) |
| C | **(i) Mínigh an téarma Promóisean Díolachán.**<br>Is éard atá i gceist le Promóisean Díolachán dreasachtaí/gimicí gearrthéarmacha a úsáid chun tomhaltas breise a mhealladh/díolacháin a mhéadú. Lorgaíonn sé torthaí láithreacha. D'fhéadfaí é a úsáid chun táirge nó branda nua a thabhairt isteach, chun spéis i dtáirge a bhfuil a dhíolacháin laghdaithe a athnuachan, nó chun éileamh breise ar bhranda seanbhunaithe a spreagadh.<br><br>**(ii) Liostaigh trí mhodh chun Promóisean Díolachán a dhéanamh a d'fhéadfadh Muintir Riain a úsáid chun dul in iomaíocht leis an siopa sraithe atá níos mó ná iad.**<br>• Tairiscintí speisialta: ceannaigh ceann, faigh ceann saor in aisce/trí ar phraghas dhá cheann<br>• Comórtais ag tairiscint duaiseanna<br>• Cártaí dílseachta<br>• Dearbháin le haghaidh lascainí<br>• Samplaí in aisce<br>• Lascainí agus méid áirithe earraí á gceannach. | **20m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br>12m<br>(4 + 4 + 4) |

| | | |
|---|---|---|
| **D** | **Liostaigh dhá chúis a ndéantar gnólachtaí a leathnú.**<br><br>• Díolacháin/brabúis a mhéadú<br>• Chun é féin a chosaint ar iomaitheoirí<br>• Éagsúlú – chun riosca a scaipeadh<br>• Uaillmhian – chun impireacht a chruthú<br>• Chun leas a bhaint as barainneachtaí scála<br>• Foinse soláthairtí/amhábhar a chosaint<br>• Deireadh a chur leis an iomaíocht (trí tháthcheangal nó trí chumasc). | **10m**<br><br>2 x 5m |
| **E** | **Mínigh an difríocht idir cumasc agus táthcheangal.**<br><br>Is éard is Cumasc ann nuair a aontaíonn dhá chuideachta dá dtoil féin teacht le chéile agus oibriú mar aon chuideachta amháin. Tá an chuideachta faoi chomhúinéireacht anois agus déanann sí trádáil faoi ainm amháin. Cruthaítear eintitieas dlíthiúil nua amháin.<br><br>Is éard atá i gceist le Táthcheangal ná nuair a cheannaíonn cuideachta cuideachta eile (le toiliú nó gan a toiliú) trí 51% ar a laghad dá scaireanna a cheannach. Tugtar éadáil air freisin. | **10m**<br><br>5m<br>(3 + 2)<br><br>5m<br>(3 + 2) |